Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2023/0206(COD)

8.11.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010
(COM(2023)0362 – C9-0221/2023 – 2023/0206(COD))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Francisco Guerreiro

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 9

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010
(COM(2023)0362 – C9-0221/2023 – 2023/0206(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0362),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0221/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo ***gan dochar do na hoibleagáidí*** a leagtar amach i Rialacháin atá ann cheana in earnáil an iascaigh, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2403[42] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialacháin (CE) Uimh. 1005/2008[43] agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.	2. Tá feidhm ag an Rialachán seo ***in ainneoin na n-oibleagáidí*** a leagtar amach i Rialacháin atá ann cheana in earnáil an iascaigh, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2403[42] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialacháin (CE) Uimh. 1005/2008[43] agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.
[42] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).	[42] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).
[43] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).	[43] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bruscar ar muir agus trealamh caillte a aisghabháil	***Dramhaíl*** ar muir agus trealamh caillte a aisghabháil

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá ***toirmeasc ar mháistrí*** soithí iascaireachta de chuid an Aontais trealamh iascaireachta a thréigean nó a dhiúscairt d'aon turas ***agus*** dramhaíl a scaoileadh isteach san fharraige ***ó*** longa mar a shainítear i dTreoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL maidir le Rialacháin maidir le Truailliú ó Longa a Chosc.	1. Tá ***máistrí*** soithí iascaireachta de chuid an Aontais ***freagrach go dlíthiúil as a áirithiú nach ndéanfaidh siad*** trealamh iascaireachta a thréigean nó a dhiúscairt d'aon turas ***nó*** dramhaíl ***de chineál ar bith*** a scaoileadh isteach san fharraige ***óna*** longa mar a shainítear i dTreoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[48], i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL maidir le Rialacháin maidir le Truailliú ó Longa a Chosc.
[48] Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt le haghaidh seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).	[48] Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt le haghaidh seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh Ballstáit an chalafoirt faireachas le teicneolaíochtaí ceamara agus braiteora ag saoráidí tabhartha i dtír agus próiseála ina ndéantar níos mó ná 3 000 tona in aghaidh na bliana de na speicis dá dtagraítear in Airteagal 48 a mheá.	1. Áiritheoidh Ballstáit an chalafoirt faireachas le teicneolaíochtaí ceamara agus braiteora ag saoráidí tabhartha i dtír agus próiseála ina ndéantar níos mó ná 3 000 tona in aghaidh na bliana de na speicis dá dtagraítear in Airteagal 48 a mheá. ***Beidh feidhm ag na bearta sin maidir le tabhairt i dtír atá níos mó ná 10 dtona de na speicis sin.***

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 a bhaineann le bearta arna nglacadh ag NEAFC maidir leis an méid seo a leanas:	1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 a bhaineann le bearta arna nglacadh ag NEAFC maidir leis an méid seo a leanas:

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an Rialachán atá beartaithe lena dtiomsaítear agus lena gcuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais na bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe arna nglacadh ag an gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC). Chun saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara mar aon le cothrom iomaíochta i limistéar choinbhinsiún NEAFC a áirithiú, ba cheart trasuí na moltaí uile a chur i gcrích i ndlí an Aontais go gasta.

Tá ról suntasach ag NEAFC maidir le hacmhainní na mara a rialú agus a chaomhnú, maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus na héiceachórais leochaileacha sa limistéar sin a chosaint. Trí mholtaí NEAFC a ionchorprú i ndlí an Aontais, is féidir le soithí AE a áirithiú go bhfuil a gcleachtais iascaireachta ag teacht le comhaontuithe agus gealltanais idirnáisiúnta, lena gcuirtear bainistiú iascaigh freagrach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol chun cinn. Éascaítear leis an trasuí sin comhar idir Ballstáit AE agus páirtithe idirnáisiúnta, rud a athneartaíonn ár gcomhthiomantas chun ró-iascaireacht a chomhrac, speicis leochaileacha chomh maith le héiceachórais a chosaint, agus inmharthanacht fhadtéarmach iascaigh san Atlantach Thoir Thuaidh a chothabháil.

Ba mhaith leis an Rapóirtéir béim a leagan ar a thábhachtaí atá cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) freisin, go háirithe gealltanais chomhshaoil an bheartais a bhaineann le soithí AE a bheith gníomhach in uiscí neamh-AE, agus comhlíonadh rialacha Eagraíocht Réigiúnach Bainistithe Iascaigh (ERBI) faoi seach. Soláthraítear le rialacha CBI, má chuirtear chun feidhme i gceart iad, cur chuige uaillmhianach agus inbhuanaithe i leith bainistiú iascaigh.

In 2022, bhí 301 shoitheach iascaireachta ag an Aontas a bhí údaraithe le hoibriú i Limistéar Rialála NEAFC, is é sin, lasmuigh de na huiscí faoi dhlínse iascach na bPáirtithe Conarthacha. Bhí oibríochtaí iarbhír iascaireachta an Aontais teoranta go leor, áfach, agus an ghníomhaíocht iascaireachta is suntasaí in uiscí idirnáisiúnta i Muir Barents ag an Liotuáin, an Laitvia agus an Eastóin faoi láthair. Oibríonn roinnt soithí de chuid an Aontais ón bPortaingéil, ón Spáinn, ón bhFrainc agus ón Ísiltír i limistéir eile freisin, ar bhonn níos lú. Tá formhór mór na gníomhaíochta iascaireachta lonnaithe in uiscí an Aontais dá bhrí sin.

Tugann an Rapóirtéir dá aire go gcuirtear chun feidhme le Teideal III den Rialachán atá beartaithe taifead comhaontaithe chonclúidí na gcomhairliúchán iascaigh, idir an Iorua, AE, Oileáin Fharó, an Ghraonlainn, an Íoslainn agus an Ríocht Aontaithe maidir le bearta rialaithe le haghaidh stoic peiligeach beag san Atlantach Thoir Thuaidh, ó mhí na Samhna 2022. D'aontaigh cúig pháirtí as sé Pháirtí Chonarthacha NEAFC tacú le teicneolaíochtaí ceamara agus braiteora ag saoráidí tabhartha i dtír agus próiseála ina ndéantar níos mó ná 3 000 tona in aghaidh na bliana de na speicis a mheá. Tá sé comhleanúnach, dá bhrí sin, na forálacha sin a ionchorprú sa Rialachán atá ann faoi láthair freisin, chun aon mhoill a sheachaint agus chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag Ballstáit an chalafoirt ullmhú do chur chun feidhme na mbeart sin a comhaontaíodh cheana roimh an dáta infheidhmeachta, i.e. 1 Eanáir 2026. Thairis sin, ní hamháin go gcothaítear leis cothrom iomaíochta ach is léiriú é freisin ar ghealltanas AE a oibleagáidí idirnáisiúnta dár bpáirtithe ar fud an domhain a chomhlíonadh.